Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8400/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0083(NLE)**

**PROBA 15**
**AGRI 165**
**WTO 37**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg i dtaca le haontachas Phoblacht na hIaráice leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais
i gComhairle na gComhaltaí de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg
i dtaca le haontachas Phoblacht na hIaráice
leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle[1] an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de agus thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle[2].

(2) De bhun Airteagal 29 den Chomhaontú, tá Comhairle na gComhaltaí de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') chun na coinníollacha maidir le haontachas Rialtais leis an gComhaontú a leagan síos.

(3) Rinne Rialtas Phoblacht na hIaráice iarratas foirmiúil ar aontú don Chomhaontú. Iarrfar ar Chomhairle na gComhaltaí, dá bhrí sin, le linn seisiún amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a chómhalartú, na coinníollacha maidir le haontachas Rialtas Phoblacht na hIaráice a leagan síos, i leith na sciartha rannpháirtíochta de Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg agus na teorann ama chun an ionstraim aontachais a thaisceadh.

---

1 Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1892/oj).

2 Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/848/oj).

(4) Ós rud é go bhfuil a hearnálacha olóige á bhforbairt ag an Iaráic a mhéid a bhaineann le tomhaltas agus go bhfuil sé i gceist aici an táirgeacht a fhorbairt, d'fhéadfadh a haontachas Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a threisiú faoi choinníollacha áirithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht a bhaint amach sa reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le saintréithe táirgí olóige chun aon bhacainn ar thrádáil a sheachaint.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a leagan síos ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag na cinntí atá le glacadh ar an Aontas trí dhifear a dhéanamh don chothromaíocht chinnteoireachta laistigh de Chomhairle na gComhaltaí nuair nach nglacfar le cinntí trí chomhthoil i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg le linn seisiún amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg trí chomhfhreagras a chómhalartú, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le haontachas Rialtas Phoblacht na hIaráice leis an gComhaontú, leagtar amach é san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*